Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

13154/25

LIMITE

POLCOM 262
WTO 79

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dearbhú comhpháirteach aireachta ón Aontas agus ó na páirtithe i gComhpháirtíocht Chuimsitheach Forásach an Aigéin Chiúin (CPTPP)<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. I ráiteas aireachta CPTPP an 16 Bealtaine 2025, cuireadh in iúl go raibh sé ar intinn ag na páirtithe in CPTPP oibriú i dtreo idirphlé maidir le trádáil agus infheistíocht leis an Aontas. Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha (Trádáil) an 14 Iúil 2025, dheimhnigh an Coimisinéir Šefčovič go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún oibriú i dtreo idirphlé den sórt sin.

2. An 22 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún in iúl don Choiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe), i nóta, go raibh sé ar intinn aige tús a chur le caibidlíocht leis na páirtithe in CPTPP maidir le hionstraim neamhcheangailteach i bhfoirm dearbhú comhpháirteach aireachta. Leis an dearbhú sin, ba cheart, go háirithe, tiomantas na bpáirtithe do thrádáil riailbhunaithe a athdhearbhú agus clár oibre a leagan síos don chomhar maidir le saincheisteanna trádála agus infheistíochta. D’fhéadfaí é a eisiúint an 20 nó an 21 Samhain 2025.

3. Ag an gcruinniú den Choiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an 25 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faisnéis bhreise ar fáil do na toscaireachtaí. Níor chuir aon toscaireacht i gcoinne rún an Choimisiúin a luaitear thuas.

4. Meastar go gcuirfidh an Coimisiún an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn a dhéanfar sa chaibidlíocht.

5. Tuigtear go rachaidh an Coimisiún ar ais chuig an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú a fháil uaithi, i gcomhréir le dlí an Aontais, thar ceann an Aontais, chun ionstraim neamhcheangailteach i bhfoirm dearbhú comhpháirteach aireachta, ar cheart í a bheith mar thoradh ar an gcaibidlíocht, a fhormheas.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé go ndéanfaidh an Coimisiún dearbhú comhpháirteach aireachta a chaibidil, thar ceann an Aontais, leis na páirtithe in CPTPP; agus

– a mholadh go n-údaródh an Chomhairle don Choimisiún, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an dearbhú comhpháirteach aireachta seo a chaibidil thar ceann an Aontais.

PUBLIC